# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2021

# LÉANN CLASAICEACH– ARDLEIBHÉAL

## (200 marc)

DÉ LUAIN 28 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.
- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Grúpa I | : | Topaicí 1 go 4. |
| Grúpa II | : | Topaicí 5 go 7. |
| Grúpa III | : | Topaicí 8 go 10. |

- Nó mór do na hiarrthóirí **CEITHRE CHEIST** a fhreagairt. Ní mór do na hiarrthóirí ceist **amháin** a fhreagairt as Topaic amháin **i ngach ceann** de na trí Ghrúpa. Is féidir ansin leis na hiarrthóirí an cheist atá fágtha a roghnú as Topaic ar bith in aon Ghrúpa.
- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 200 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.
- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## GRÚPA I: Topaicí 1 go 4

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) (a) Tabhair cuntas ar Chath Mantinea in 418 R.Ch. (40)
(b) Cén chaoi ar athraigh bua na Spartach in Mantinea cúrsaí sa Pheilipinéis? (10)

(ii) (a) Déan cur síos ar an bpáirt a ghlac an ginearál Aithneach, Déamastainéas, i gCogadh na Peilipinéise. (35)
(b) An raibh Déamastainéas ina ghinearál feidhmiúil, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) In 416 R.Ch. tháinig arm na hAithne i dtír ar oileán Mhéileas. Sular ionsaigh siad, rinne na hAithnigh iarracht idirbheartaíocht a dhéanamh faoi ghéilleadh na Méileasach.

(a) Cad iad na hargóintí a d'úsáid na hAithnigh le háitiú ar na Méileasaigh géilleadh? (20)
(b) Cad iad na frithargóintí a bhí ag na Méileasaigh? (20)
(c) An dóigh leat go raibh argóintí bailí ag na hAithnigh? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) (a) Tabhair breac-chuntas ar na heachtraí arbh é Coup na nOlagarcach in 411 R.Ch. a bhí mar thoradh orthu. (35)
(b) Cén fáth ar theip ar an Olagarcacht tacaíocht mhuintir na hAithne a choinneáil? (15)

---

## Topaic 2. Alastar Mor.

(i) (a) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar Phlútarc agus ar Arrianas, déan cur síos ar an gcaoi ar chaith Alastar le mná. (40)
(b) Cad é do thuairimse faoi mheon Alastair i leith na mban? (10)

(ii) Tar éis Chath Ghágaiméal, thosaigh Alastar ar pholasaí nua oirthearachais a ghlacadh chuige féin.
(a) Cad iad na cineálacha oirthearachais a d'eascair as an bpolasaí sin? (35)
(b) Cén fáth ar shocraigh Alastar ar an bpolasaí seo, dar leat? Mínigh do fhreagra. (15)

(iii) (a) Déan cur síos ar an gcaoi ar bhuail Alastar bob ar Phóras agus ar thrasnaigh sé an Hídeaspaes gan aon duine ina choinne. (15)
(b) Tabhair breac-chuntas ar Chath an Hídeaspaes. (25)
(c) Cad a fhoghlaimítear faoi charachtar Alastair ón gcaoi ar chaith sé le Póras i ndiaidh an chatha? (10)

(iv) "Is léir go ndeachaigh a charachtar agus a ghiúmar in olcas de réir mar a mhéadaigh a chumhacht." (Plútarc)
Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar Phlútarc agus ar Airrianas, pléigh an dearcadh seo maidir le hAlastar idir 331 R.Ch. agus 323 R.Ch., bliain a bháis. (50)

---

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar Chomhcheilg Chaitilíne agus ar ar tharla ina diaidh. (30)
(b) Ón léamh atá déanta agat ar na sleachta dualgais, cad é do thuairim faoi charachtar Chaitilíne? (20)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar Chath Pharsalus in 48 R.Ch. nuair a chloígh Caesar Poimpéas. (35)
(b) Conas a chruthaigh Poimpéas mar ghinearál sa chath sin, dar leat? Mínigh do fhreagra. (15)

(iii) "Sháraigh Publius Clodius na daoine ar fad a raibh cáil an oilc ba mhó orthu ina ré féin, lena chumas chun é féin a iompar ar bhealach fíor-náireach." (Plútarc)
(a) Cén fhianaise atá in *Beathaí* le Plútarc chun tacú leis an mbreithiúnas sin? (30)
(b) Cad a insíonn gníomhréim Chlóidias duit faoi chúrsaí polaitíochta sa Róimh ag an am sin? (20)

(iv) Pléann dánta Catullus go príomha leis an ngrá – ní hamháin grá do Lesbia ach grá do chairde agus don teaghlach chomh maith. Pléigh an dearcadh seo ar dhánta Catullus agus tagair do na dánta dualgais ar do chúrsa mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) (a) Déan cur síos ar an bpáirt a ghlac Octáiviánas (ar tugadh Ágastas air níos deireanaí) in eachtraí idir 44 R.Ch. (bás Iúil Caesar) agus 31 R.Ch. (Cath Aictiam). (35)
(b) Cad iad na cáillíochtaí a bhí ag Octáiviánas a chuir leis an rath a bhí air? Mínigh do fhreagra agus bíodh tagairt agat do na téacsanna dualgais. (15)

(ii) (a) Mínigh cén fáth ar fhág Tibir an Róimh le dul chuig oileán Capri in 26 AD. (20)
(b) Cén tionchar a d'imir neamhláithreacht an Impire ar chúrsaí sa Róimh? (10)
(c) Conas a chuireann Séatóinias síos ar nós maireachtála Thibir ar an oileán? (20)

(iii) (a) Déan cur síos ar na cúinsí ina ndearnadh Impire na Róimhe de Chláidias. (20)
(b) An dóigh leat go raibh rialú Chláidias go maith don Róimh agus don Impireacht? Tacaigh le do fhreagra le tagairtí do na téacsanna dualgais. (30)

(iv) Ina réamhrá le h*Annála Impireacht na Róimhe*, scríobh Tacatas: "Scríobhfaidh mé gan racht ná claonpháirteachas." Bunaithe ar a bhfuil léite agat de na h*Annála*, ar chomhlíon Tacatas a ghealltanas, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

### Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) (a) Sa dráma *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas, goideann Proiméitéas tine ó na flaithis agus tugann don chine daonna í. Conas a chosnaíonn Proiméitéas a ghadaíocht sa dráma? (25)

(b) Cad a mheasann na Neacha Buana eile maidir le bronntanas na tine a thug Proiméitéas don chine daonna? (25)

(ii) "Cuireann an dáiríreacht atá mar bhunús leis an dráma greannmhar seo lena mhórgacht." Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat don dráma *Froganna* le hArastafainéas. (50)

(iii) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, gaireann Éideapús an fáidh Tiresias chuige ina phálás.

(a) Déan cur síos ar an ócáid nuair a bhuaileann Éideapús agus Tiresias le chéile. (25)

(b) Cén fáth a nglacann Éideapús leis go bhfuil Créón ag cothú ceilge ina choinne? (10)

(c) Cad é do thuairim faoi iompar Éideapús agus Tiresias araon ag an gcoinne sin? (15)

(iv) Pléigh an tuairim gur téama lárnach í an tuismitheoireacht sa dráma Méidé le hEoiripidéas. Bíodh tagairtí don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

---

### Topaic 6. An Epic Ársa.

(i) Sna chéad cheithre leabhar den *Odaisé* le Hóiméar cabhraíonn Aitéiné le Teilimiceas, ar mhac le hOdaiséas é, chun é féin a chur in iúl.

(a) Déan cur síos ar an gcaoi a léiríonn Teilimiceas an mhuinín nua seo atá aige. (35)

(b) Conas a athraíonn meon na Suiríoch i leith Theilimicis de bharr a mhuiníne nuafhaighte? (15)

(ii) Feictear máistreacht Veirgil ar theannas, dhrámaíocht agus thraigéide ina chuntas den scoth ar thurnamh na Traí i Leabhar 2 den Aeinéid**.**
An aontaíonn tú leis an tuairim sin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

(iii) San *Odaisé* le Hóiméar, tá tréithe uile an ghaiscígh mhóir in Odaiséas, ach tá lochtanna air freisin. Pléigh an tuairim seo agus tagair don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) Déan comparáid idir carachtar Mhedb in *An Táin* agus carachtar Phéinealaipé san *Odaisé*. (50)

---

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí

(i) I gcodarsnacht lena dhearcadh ar an Róimh lena linn féin, bhí an-mheas ag Livias ar mhisneach, thírghrá agus spiorad an phobail sa tSean-Róimh.
Pléigh an ráiteas seo agus tagair do na sleachta dualgais as *Na Startha* le Livias. (50)

(ii) B'fhiú do bhean ar bith fanacht glan ar an bhfile Proipeirtias.
An dtagann tú leis an ráiteas seo nó nach dtagann? Mínigh do fhreagra agus bíodh tagairtí agat do na dánta le Proipeirtias. (50)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar *An Turas go Bruindísiam* le Horáit. (35)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar an dán, an gceapfá gur chompánach maith taistil é Horáit? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) (a) An dtagann tú leis an tuairim go bhfuil cuntas Veirgil ar uafás Oirféis in *Oirféas agus Eurydice* drámatúil agus tochtmhar? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (35)

(b) Pléigh an úsáid a bhain Veirgil as íomhánna sa dán seo. (15)

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

### Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) Léirítear plean de Theampall Séas in Oilimpia i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X**.

(a) Cén tréimhse den ailtireacht lena mbaineann an teampall seo? (10)

(b) Agus na téarmaí cearta ailtireachta á n-úsáid agat, tabhair cur síos iomlán ar an teampall. (Bíodh tagairt agat don phlean agus don teampall i do fhreagra.) (20)

(c) Déan cur síos ar mhaisiú dealbhóireachta an teampaill seo. (20)

(ii) Déan staidéar ar **Fhótagraf B** ar **Pháipéar X.**

(a) Ainmnigh an cineál vása a léirítear agus abair cén úsáid a bhaintí as. (10)

(b) Ainmnigh an dá fhíor ar an vása agus abair céard atá ar siúl acu. (10)

(c) Ainmnigh an t-ealaíontóir a rinne an vása a phéinteáil. (5)

(d) Déan trácht ar cháilíocht agus ar stíl an mhaisithe ar an vása. (25)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** píosa dealbhóireachta as Anavysos.

(a) Cad a thugtar ar an gcineál seo deilbhe agus cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann sí? (10)

(b) Cén fheidhm a bhíodh le dealbha dá leithéid? (10)

(c) Mínigh na bealaí ina bhfuil an dealbh seo ina heiseamláir thipiciúil dá tréimhse. (30)

(iv) (a) Ainmnigh an dealbh a léirítear i bh**Fótagraf D** ar **Pháipéar X**. (5)

(b) Cén fheidhm a bhíodh léi? (5)

(c) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann sí? (5)

(d) Mínigh cén fáth a bhfuil an dealbh ina heiseamláir thipiciúil dá tréimhse. (20)

(e) Déan cur síos ar an modh ina n-úsáidtí teilgean toll chun dealbha cré-umha a dhéanamh. (15)

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) In *An Phoblacht* le Platón, maíonn Adeimantus gur "baill gan mhaith den tsochaí" iad na fealsúna.

(a) Conas a bhréagnaíonn Sócraitéas líomhaint Adeimantus in aghaidh na bhfealsúna? (35)

(b) An aontaíonn tú le Sócraitéas nó le Adeimantus?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) (a) Cén míniú a thugann Sócraitéas ar an gcaoi ar thosaigh an pobal seanársa? (20)

(b) Cuir síos ar an gcaoi ar fhás an pobal seanársa ina "phobal sibhialta", dar le Sócraitéas. (20)

(c) Cén fáth a gcreideann Sócraitéas go bhfuil cogaíocht dosheachanta sa phobal sibhialta? (10)

(iii) (a) Cén ról ba chóir a bheith ag ceol ina chóras oideachais idéalach, dar le Sócraitéas? (20)

(b) Cén chaoi a gcosnaíonn Sócraitéas a thuairimí ar cheol? (15)

(c) Cad é do thuairim faoi mheon Shócraitéas i leith ceoil? Tabhar cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) In ainneoin a dhílseachta do Phlatón, theip ar iompar Dhíón idéil Phlatóin a chomhlíonadh. Pléigh an tuairim seo agus déan tagairt do *Beatha Dhíón* le Plútarc. (50)

---


Topaic 10 → Thall

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** an plean de Timgad Rómhánach.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag **aa**, **d**, **e**, **j** agus **k**. (10)

(b) Cá háit a bhfuil Timgad suite agus cén fáth ar thóg an tImpire Tráián san áit sin é? (15)

(c) Cad a insíonn an plean dúinn faoi stíl mhaireachtála áitreabhaigh Timgad? (25)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** agus **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** dhá amfaitéatar Rómhánacha.

(a) Ainmnigh an dá amfaitéatar a léirítear. (10)

(b) Déan comparáid idir ailtireacht an dá amfaitéatar. Bíodh tagairt agat don taobh amuigh agus don taobh istigh den dá amfaitéatar i do fhreagra. (25)

(c) Cad a insíonn an dá fhoirgneamh seo dúinn mar gheall ar an saol Rómhánach? (15)

(iii) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** mósáic ón Róimh agus léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** péintéireacht ó Phoimpé.

(a) Pléigh an tuairim go léiríonn an dá shaothar ealaíne seo an chaoi ar léir do na Rómhánaigh an áilleacht i ngnáthrudaí laethúla. (25)

(b) Cad iad na cineálacha eile radharcanna ar bhreá leis na Rómhánaigh a thaispeáint ina dtithe? Bíodh tagairt agat do na saothair dhualgais ar an gcúrsa i do fhreagra. (15)

(c) Cé acu ceann is fearr leat de na mósáicí agus na péintéireachtaí Rómhánacha ar do chúrsa? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf J** agus **Fótagraf K** ar **Pháipéar X** painéil ó Áirse Thítis sa Róimh.

(a) Cén eachtra a bhfuil comóradh á dhéanamh uirthi sna dealbhóireachtaí rilífe sin? (10)

(b) Mínigh an téarma “dealbhóireacht rilífe”. (10)

(c) Déan comparáid idir an dá dhealbhóireacht rilífe seo faoi na ceannteidil seo: comhdhéanamh; peirspictíocht; ábhar. (30)

---